

Smaoineamh: Dúshlán an Chithfholctha

Ar an meán, is gnách gurb iad cithfholcadáin an tríú úsáid uisce is mó i dtithe, tar éis an leithris agus an mheaisín níocháin; tá cithfholcadáin níos éifeachtaí ó thaobh uisce de ná folcadáin - is é sin má ghlacann tú cith gairid!

Úsáideann an gnáthfholcadán thart ar 80 lítear uisce ach úsáideann gnáth-chithfholcadáin 10 lítear in aghaidh an nóiméid ar an meán. Má ghlacann tú cith 15 nóiméad, úsáideann tú 150 lítear uisce.

Seo a leanas roinnt leideanna chun uisce a choigilt sa chith:

- Ná cuir tús leis an gcith go dtí go mbeidh tú sa chith
- Glac cith 4/5 nóiméad nuair is féidir
- Glac cith ina múchann tú an t-uisce agus sobal á dhéanamh agat

Cén fáth a bhfuil sé seo úsáideach?

Trí fhéachaint ar an am a gcaitheann tú sa chithfholcadán, ní hamháin go laghdaítear d'úsáid uisce, a bhaineann brú den acmhainn uisce, rud atá an-tábhachtach i dtriomach, ach déanann sé a lán fuinnimh a choigilt freisin a theastaíonn chun d'uisce ceatha a théamh agus a chóireáil. Fuinneamh is dóichí a dhíorthaítear ó bhreoslaí iontaise.



FÍORAS!
ÚSÁIDFIDH SCONNA
CITHFOLCADÁIN SPRAEÁLA
AONAIR ATÁ TÍOSACH AR UISCE
MÉID CHOMH BEAG LE 7-8
LÍTEAR UISCE IN AGHAIDH AN
NÓIMÉID - AGUS 2 LÍTEAR
UISCE AR A LAGHAD Á GCOIGILT
IN AGHAIDH AN NÓIMÉID!

Dúshlán an Chithfholctha



Tabhair buille faoi thuairim maidir leis an am a gcaitheann tú sa chithfholcadán agus féach an féidir leat d'úsáid uisce a laghdú.

CÉARD ATÁ AG TEASTÁIL UAIT?

- Cithfholcadán
- Guthán/clog ar a bhfuil amadóir nó
- Amadóir ceatha má tá ceann agat
- Páipéar agus peann (ná húsáid do ghuthán le nótaí a ghlacadh sa seomra folctha)



AN RUD LE DÉANAMH...


Tabhair buille faoi thuairim ar do chuid amanna roimh an gcith, le agus gan do chuid gruaige a ní.

Breac síos do bhuillí faoi thuairim.

Socraigh d'amadóir ag tús do cheatha agus cuir deireadh leis a luaithe is a bheidh an cith thart.

Nóta: má tá amadóir ceatha á úsáid agat cuimhnigh é a rothlú a luaithe is a ritheann an gaineamh amach agus coinnigh súil ar an líon uaireanta ar rothlaigh tú é, d'fhonn an t-am iomlán ceatha a ríomh ag an deireadh.

Ag an deireadh iolraigh do nóiméid le 10 lítear chun an toradh iomlán a fháil. B'fhéidir go bhféadfá triail a bhaint as am ceatha dhaoine eile sa teach a thomhas agus a fháil amach cé hé nó hí curadh na coigilte uisce!



CONCLUÍD...

LEID!
- B'FHÉIDIR GO BHFÉADFÁ
TRAIL A BHAIN AS DÚSHLÁN
EILE... FÉACH AN FÉIDIR LEAT
CITH FARRAIGE A GHLACADH
UAIR SA TSEACHTAIN

An raibh tú gar le do bhuille faoi thuairim? Ar chuir na hamanna iontas ort? Tar éis an dúshlán seo a dhéanamh, an gceapann tú gur mhaith leat, nó gur féidir leat, do chuid ama ceatha a laghdú? An bhfuil sconna cithfholcadáin atá tíosach ar uisce agat? An bhfuil ceann de dhíth ar do chithfholcadán fiú?

Chun seiceáil an féidir sconna cithfholcadáin atá tíosach ar uisce a úsáid ar do chithfholcadán d'fhéadfá (cúnamh ó dhuine fásta ag teastáil):

- Bain an sconna cithfholcadáin
- Cas air do chithfholcadán agus bailigh an t-uisce as do chith ar feadh 60 soicind agus déan tomhas i lítir (**leid:** d'fhéadfá do ghairdín a uisciú leis an uisce a bailíodh)
- Más rud é gur bailíodh níos mó ná 9 lítear, bainfidh tú leas as éiceasconna cithfholcadáin.